# Mícheál Cíosóg agus bunú an CLG

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Comhrá faoin gCLG, an bhfuil aon eolas ag na páistí faoi?
2. Pléigh ainm na scoile agus ceistigh na páistí faoi Mhícheál Cíosóg?
3. Léigh an scéal Bhunú an CLG i 1884.
4. Comhrá faoin scéal
5. An imríonn na páistí aon chluichí CLG?
6. Labhair faoi Mhícheál Cíosóg agus an nasc le Contae an Chláir agus ainm na scoile.
7. Páistí ag freagairt ceisteanna bunaithe ar an scéal.

**Réamhrá**:

Pléigh ainm na scoile agus ceistigh na páistí maidir le Mícheal Cíosóg. Pléigh na seanchaithimh aimsire a bhí ag daoine le linn am Chú Chulainn. Labhair leo faoin iománáint mar spórt ársa in Éirinn.

Rugadh Mícheál Cíosóg sa Charn, Co. an Chláir in 1847. Ba mhúinteoir bunscoile é le líofacht sa Ghaeilge. In 1877 bhunaigh Ó Cíosog a scoil féin i mBaile Átha Cliath. An éacht ba mhó a rinne sé, áfach, ná stádás faoi leith a thabhairt do chluichí traidisiúnta in Éirinn.

**Corp an Cheachta:**

1.Léigh an scéal faoi bhunú an CLG i nDúrlas Éile in 1884.

2.Ceistigh na páistí mar gheall air – an maith leo an CLG? An imríonn said aon spórt gaelach? Labhair leo faoi na himreoirí is fearr leo.

3.Labhair faoi Mhícheál Cíosóg agus an nasc le Contae an Chláir (is as an gCarn i gCo. An Chláir dó). Labhair faoi ainm na scoile. Cén fáth ar úsáideadh ainm Mhíchíl Cíosóg dár scoil an dóigh leo?

**Críoch an cheachta:**

Inis do na páistí go bhfuil said chun ceisteanna a fhreagairt bunaithe ar bhunú an CLG. Tabhair bileog oibre C.3 dóibh agus téigh tríd leo.

## GLUAIS

Foclóir:

C.L.G.— G.A.A.. Gaelic Athletic Association

Spórt Gaelach—Irish sports

Iomáint—hurling

Peil—Football



Erasmus+